

## Bean róin

Caitríona Ní Chléirchín

In uisce tanaí an chósta  
nó i nduibhe na mara,  
fanann sí ort, a iascaire —  
Tá agat, bean róin,

Bean a fhanann ort  
is a ghlaonn chugat  
is a sceitheann a cóta,  
Lá Fhéile San Eoin.

Ramallae is glae ar a folt óir  
sa mhuiircheol  
tá lán mara eile san fharraige  
muir-rosc ag iomrascáil

Rón í ina croí istigh  
Ag caoineadh fá do choinne  
Ina hanam istigh  
Ar nós duine daonna

na huiscí go bun na gcluas  
fuaim na dtonnta  
a mhúchann pian i sorm suain  
faoi smúitcheo na gealaí

idir muir agus talamh  
maireann sí  
seal ina duine  
seal ina rón

*seilchí*, idir dhá shaol  
lagtrá nó rabharta  
a fhad is atá na néalta  
ag trasnú an dorchadair.

An fheamainn mar leigheas ar a goin.  
Sáile í, tonn, rún san uisce  
A guth faoi cheilt  
Snámhann tu léi  
corruair.

*Is file, criticeoir agus léachtóir í Caitríona Ní Chléirchín. Is as Gort na Móna, Scairbh na gCaorach, Co. Mhuineacháin ó dhúchas í. Bhuaigh a céad chnuasach Crithloinnir duais an Oireachtas don scríbhneoir úr sa bhliain 2010 agus bhuaigh a dara cnuasach An Bhrídeach Sí (2014) duais Michael Hartnett i 2015. Thiomnaigh sí a dara cnuasach dá máthair a fuair bás anuraidh. Foilsíodh filíocht léi in Comhar, Irish Pages, Cyphers, The Stinging Fly, Feasta, Blaiseadh Pinn, The SHOp, An t-Ultach agus An Guth. Scríobhann sí ailt acadúla agus iriseoireachta agus tá níos mó ná fiche léirmheas scríofa aici san Irish Times, Comhar, Taighde agus Teagasc agus in irisí eile.*

*Is léachtóir le Teanga agus le Litríocht na Gaeilge í i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Bhí sí ag léachtóireacht ar feadh ocht mbliana i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus tá sealanna caite aici ag léachtóireacht in Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil na Banríon, Béal Feirste chomh maith.*

*Chuir Mícheál Ó Ruairc síos uirthi mar ‘liriceoir nua an ghrá’ sa Ghaeilge in Comhar Nollaig 2010. Chuir Liam Carson a saothar i gcomparáid le saothar an fhile cháiliúil Rúisigh Marina Tsvetaeva, ina léirmheas ar a céad chnuasach in Poetry Ireland Review 104, 2011, ‘...there are more than a few echoes...of the spectral romanticism of the Russian Silver age’.*

—  
Caitríona Ní Chléirchín is an Irish-language poet and critic originally from Gortmoney, Emyvale in Co. Monaghan. Her début collection *Crithloinnir* won the Oireachtas Prize for New Writers in 2010 and her second collection *An Bhrídeach Sí* published in 2014 has won the Michael Hartnett Prize 2015. She has published poetry in *Comhar*, *Irish Pages*, *Cyphers*, *The Stinging Fly*, *Feasta*, *Blaiseadh Pinn*, *The SHOp*, *An t-Ultach* and *An Guth*. She also writes reviews, academic and journalistic articles and over 20 reviews in *The Irish Times*, *Comhar*, and *Taighde agus Teagasc* and others.

*She is an Irish-language and literature lecturer at St. Patrick’s College DCU Drumcondra and has also lectured at the University of Limerick and Queens University Belfast and University College Dublin .*

*Mícheál Ó Ruairc has described her as the new love lyricist writing Irish poetry today in Comhar, December 2010. Liam Carson has compared her work to that of the famous Russian Poet Marina Tsvetaeva, in his review of her first collection in Poetry Ireland Review 104, 2011, ‘...there are more than a few echoes...of the spectral romanticism of the Russian Silver age’.*